GAELSCOIL AN BHRADÁIN FEASA
BÓTHAR AN MHUILINN, DROICHEAD ÁTHA
20258E

Plean feabhsúcháin scoile

Tréimhse mheastóireachta**:** *2013 - 2016*

Dáta eisiúna an phlean: *Meitheamh 2013*

Plean feabhsúcháin scoile achomair

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil an Bhradáin Feasa is ea féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Sonraíodh é sin, i bpáirt, a bhí mar mholadh san MSU agus trí shúil a choinneáil ar thorthaí don litearthacht Ghaeilge agus Béarla agus don uimhearthacht (torthaí trialacha caighdeánaithe). Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi inar tharla an mheastóireacht, féach ár dTuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile atá ar fáil ar an suíomh gréasáin

Leagann an plean feabhsúcháin scoile amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn sa Ghaeilge. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná chun feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá **láidreachtaí** ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

- Tá leibhéil ghnóthachtála sa litearthacht níos airde ná na noirm.
- Léiríonn na páistí dearcthaí an-dearfacha i leith gach gné den litearthacht.
- Déantar scileanna tuisceana a mhúineadh ag gach leibhéal ranga.
- Tuairiscíonn gach múinteoir go mbaineann páistí úsáid as a gcuid scileanna litearthachta go hinniúil agus iad ag foghlaim i ngach réimse den churaclam.
- Bíonn teagmháil ag páistí le raon leathan téacsanna léitheoireachta go háirithe ag bun na scoile.
- Léann páistí go líofa.

Tá sé seo ar eolas againn toisc go ndearnamar comhairliúchán le daltaí agus múinteoirí agus gur scrúdaíomar torthaí trialacha sa scoil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na **réimsí forbartha** seo a leanas:

Réimsí forbartha

- Ní mór forbairt a dhéanamh ar an raon leabhair Ghaeilge atá ar fáil do pháistí níos sine
- Ní mór do pháistí teacht a bheith acu ar théacsanna Béarla níos dúshlánaí de réir mar is cuí.
- **Ní mór díriú ar chruinneas agus ar shaibhreas sna scileanna labhartha**.
- **Ní mór breis-iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí na scríbhneoireachta agus a aontú ar leibhéal na scoile ina hiomláine agus a úsáid mar áis don dul chun cinn.**
- **Ní mór forbairt bhreise a dhéanamh ar mhúineadh an phróisis scríbhneoireachta ar fud na scoile.**
- **Ní mór aird a thabhairt ar mhúineadh na gramadaí, an litrithe agus na poncaíochta**.
- Ní mór úsáid níos mó a bhaint as na meáin dhigiteacha.

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc go gcabhraóidh sé le foghlaim na scoile go ginearálta agus go sainiúil leis an bpróiséas scríbhneoireachta

2.3 Tá na **spriocanna feabhsúcháin** seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

Sprioc d'fheabhsúchán	Gníomh
• **Go léireoidh 70% na páistí tusicint (léibhéal 4) ar na sé seánraí ag deireadh rang a 6 i bhfianaise na rúibric scríbhneoireachta**	• Athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bhfeidhmeanna teanga ón gCuraclam agus ó Shéideán Sí do na ranganna éagsúla • Go mbeidh teagasc na bhfeidmeanna teanga ina gcuid lárnach i ngach ceacht Gaeilge agus taifead a dhéanamh ar na feidhmeanna atá múinte agus in úsáid go cumarsáideach. • Córas moladh/mealladh a choinneáil sa tsúil agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bhotúin na bpáistí • Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige scoile maidir le múineadh na gramadaí, an litrithe agus na poncaíochta. • Plean uile scoile a leagan amach do mhúineadh na seánraí i nGaeilge thar thréimhse dhá bhliain. • Rúibric a dhearadh, ceann do na bunranganna agus ceann eile do na meán/ard ranganna bunaithe ar scríbhneoireacht. • Iniúchadh agus úsáid phíolótach a bhaint as cur chuige mheasúnachta, e.g. fillteáin scríbhneoireachta, féin mheasúnú, próifílí measúnachta agus rúibric scríbhneoireachta le sprioc ghrúpa páistí. • Cuirfear am i leataobh i bhféilire na scoile don obair seo de réir mar is cuí. **Bliain 2** • Athbhreithniú ar úsáid na huirlisí measúnachta. • Úsáid a bhaint as cur chuige mheasúnachta, e.g. fillteáin scríbhneoireachta, próifílí measúnachta, rúibric scríbhneoireachta ar bhonn uile scoile. • Cuireadh a thabhairt d'údar ceardlann scríbhneoireachta a dhéanamh leis na páistí. **Bliain 3** • Déanfar iniúchadh ar an ábhar léitheoireachta agus scrúdófar deiseanna chun an scríbhneoireacht a mhúnlú i gceachtanna léitheoireachta. • Na cur chuige mheasúnachta don scríbhneoireacht a roinnt le tuismitheoirí.

Mar thuismitheoir, is féidir leat cuidiú linn trí

- réimse téacsanna de sheánraí difriúla a chur ar fáil dod' pháiste don léitheoireacht

2.4 Beidh a fhios againn go bhfuil ár spriocanna sroichte againn nuair a dhéanann muid measúnú ag úsáid an rúibric ag deireadh rang a sé